Gníomhaíocht a hAon

Clár cúnaimh na hÉireann: Bileog Acmhainne do Mhúinteoirí

Is é Cúnamh Éireann clár cúnaimh Rialtas na hÉireann chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht i dtíortha i mbéal forbartha thar ceann mhuintir uile na hÉireann.

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Clár cúnaimh na hÉireann:

- Oibríonn i ndlúthpháirt leis an rialtas in **8 dtír fócais**, é ag tacú leis na tíortha sin chun scoileanna agus ospidéil níos fearr a thógáil ar bhonn inbhuanaithe agus níos mó bia a fhás.

- Cabhraíonn le heagraíochtaí ar nós Action Aid, Children in Crossfire, Concern Worldwide, Gorta Self Help Africa, HelpAge International, Plan Ireland, Trócaire agus go leor leor eile, chun aghaidh a thabhairt ar an ocras, ar an mbochtaineacht, ar an éagothroime agus ar an athrú aeráide i níos mó ná **80 tír** ar fud an domhain.

- Oibríonn chun an comhshaol a chosaint, chun breis bia a fhás, chun poist a chruthú, scoileanna agus ospidéil srl. a thógáil, ionas go mbeidh pobail bhochta in ann feabhas a chur ar a saol agus todhchaí níos fearr a thógáil dá bpáistí. **Cúnamh forbraíochta** a thugtar air sin.

- Cuireann **cúnamh daonnúil**, amhail cógais, pubaill agus soláthairtí bia, chuig daoine atá ag fulaingt ó chogadh, tuilte, creathanna talún, hairicíní, srl.

Tá clú ar Éirinn mar cheannasaí domhanda sa troid in aghaidh an ocrais agus na bochtaineachta agus, trína clár oifigiúil cúnaimh, tá Éire ar a dícheall i bpáirt le tíortha eile chun Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.[1]

[1] In Éirinn, is ar an Roinn Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil atá an fhreagracht fhoriomlán as feasacht a spreagadh faoi bhearta an rialtais, agus iad a chomhordú, chun na SFInna a ghnóthú sa bhaile. Tá ról ceannais ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i dtacú leis na gnéithe idirnáisiúnta de na SFInna, lena n-áirítear trí obair chlár cúnaimh na hÉireann i gcomhpháirt le Tíortha is Lú Forbairt (TLFanna)

Gníomhaíocht a hAon
Tíortha faoi Thrácht: Bileog Eolais do Dhaltaí

An Aetóip	An Mhaláiv	Mósaimbíc
Príomhchathair: Addis Ababa	**Príomhchathair:** Lilongwe	**Príomhchathair:** Mapútó
Daonra: 102.4 milliún	**Daonra:** 18.6 milliún	**Daonra:** 28 milliún
Airgeadra Oifigiúil: Birr (is fiú thart ar 3c 1 Birr)	**Teanga oifigiúil:** Béarla (Is teanga áitiúil í an tSiséivis a labhraíonn beagnach 60% den daonra)	**Gné gheografach**: Tá cósta Mhósaimbíc 7,000 ciliméadar ar fad, rud a fhágann go bhfuil sé ar an gcósta is faide dá bhfuil ann!
Ionchas saoil: 65.9 bliain	**Ionchas saoil:** 63.7 bliain	**Ionchas saoil:** 55 bliain
Tír faoi thrácht ó bhí 1994 ann	**Tír faoi thrácht** ó bhí 2007 ann	**Tír faoi Thrácht** ó bhí 1996 ann
Dea-scéala san Aetóip: In 2018, chabhraigh Cúnamh Éireann chun a theagasc d'fheirmeoirí beaga conas níos mó tairbhe a bhaint as a gcuid talún. De thairbhe na cabhrach sin, tá níos mó bia agus níos mó airgid ag 180,596 teaghlach an-bhocht anois.	**Dea-scéala sa Mhaláiv:** In 2018, chabhraigh Cúnamh Éireann le breis agus 28,800 dalta bunscoile agus meánscoile sa Mhaláiv fanacht ar scoil nuair a thug siad airgead do theaghlaigh an-bhocht chun íoc as costais scoile.	**Dea-scéala i Mósaimbíc**: In 2018, chuir clár cúnaimh na hÉireann tacaíocht ar fáil chun rannóg éigeandála an Lár-Ospidéil i Mapútó a fheabhsú. A bhuíochas leis an tacaíocht sin tháinig laghdú 50% ar líon na n-othar a fuair bás le himeacht na chéad 24 uair an chloig san ospidéal.
Fíric spraoi: In 1974, tháinig eolaithe san Aetóip ar iontaisí cnámh a bhain le speiceas réamhdhaonna. Cnámha mná a mhair 3.2 milliún bliain ó shin a bhí iontu. Tá na cnámha seo i Músaem Náisiúnta na hAetóipe anois.	**Fíric spraoi:** Thug J.R. Tolkien, údar *An Hobad* agus *Tiarna na bhFáinní*, cuairt ar an Maláiv sna 1930í. Síleann a lán daoine gur tírdhreach na Maláive a spreag Tolkien nuair a scríobh sé faoi na 'Hobaid' agus faoin 'tSír'.	**Fíric spraoi:** Ag ceiliúrtha traidisiúnta is minic a chaitheann mná as Mósaimbíc *capaluna*, píosa éadaigh dhaite.

chun cabhrú leo na SFInna a ghnóthú. Is iad na TLFanna na tíortha ina bhfuil chuid mhór daoine bochta (daoine atá ag maireachtáil ar níos lú ná €2.10 sa lá).

Siarra Leon	An Tansáin	Uganda
Príomhchathair: Freetown	**Príomhchathair:** Dodoma	**Príomhchathair:** Kampala
Daonra: 7.1 milliún	**Daonra:** 55.6 milliún	**Daonra:** 42.9 milliún
Stair: Bhí cogadh cathartha ar siúl i Siarra Leon idir 1991 agus 2002.	**Gné gheografach**: Is in oirthuaisceart na Tansáine atá Kilimanjaro, an sliabh is airde san Afraic.	**Príomh-easpórtálacha**: caife, tae, cadás agus tobac
Ionchas saoil: 51.3 bliain	**Ionchas saoil:** 65 bliain	**Ionchas saoil:** 60.2 bliain
Tír faoi Thrácht ó bhí 2014 ann	**Tír faoi Thrácht** ó bhí 1975 ann	**Tír faoi thrácht** ó bhí 1994 ann
Dea-scéala i Siarra Leon: In 2018, thacaigh clár cúnaimh na hÉireann le rialtas Shiarra Leon ábhair teagasc agus foghlama a chur ar fáil do 60,000 dalta agus 1,500 múinteoir i gCeantar Koinadugu sa Réigiún Thuaidh.	**Dea-scéala sa Tansáin:** In 2018, thacaigh clár cúnaimh na hÉireann leis an gcéad Chruinniú Mullaigh Digiteach don Ógra sa Tansáin agus chabhraigh leo scileanna a chothú agus poist a chruthú sa gheilleagar digiteach.	**Dea-scéala in Uganda:** In 2018, chuir clár cúnaimh na hÉireann oiliúint feirmeora, tógálaí, meicneora, táilliúra agus gruagaire ar 837 Ugandach óg d'fhonn a ndeiseanna fostaíochta a fheabhsú.
Fíric spraoi: I bPáirc Náisiúnta Outamba tuairim is 300 km isteach faoin tír ó Freetown, an gcreidfeá go bhfuil 220 speiceas éan ann?	**Fíric spraoi:** Daoine a n-éiríonn leo binn Kilimanjaro a bhaint amach, is féidir leo nóta a fhágáil i mbosca adhmaid a choinnítear ag an mbinn chuige sin.	**Fíric spraoi:** Is in Uganda a mhaireann an goraille sléibhe atá go mór i mbaol (riosca tromchúiseach ann go rachaidh sé i léig).

An tSaimbia

Príomhchathair: Lusaka

Daonra: 16.6 milliún

Líon na dteangacha oifigiúla: 8 – an tSiséivis ina measc, arb í an teanga a labhraíonn an chuid is mó de mhuintir Lusaka.

Ionchas saoil: 61.9 bliain

Tír faoi thrácht ó bhí 1994 ann

Dea-scéala sa tSaimbia:
In 2018, shínigh Éire comhaontuithe leis an tSaimbia a fhágann go mbeidh níos mó comhoibriú polaitíochta agus eacnamaíochta idir an dá thír amach anseo.

Fíric spraoi: Déantar ceiliúradh ar Lá na hÓige ar an 12 Márta sa tSaimbia agus bíonn paráidí sráide, plandáil crann agus imeachtaí spóirt ar siúl. Gach bliain, baineann daoine óga feidhm as an 12 Márta chun feasacht a ardú ar na ceisteanna is tábhachtaí leo, amhail oideachas, fostaíocht agus cearta an duine.

Vítneam

Príomhchathair: Hanáí

Daonra: 93.4 milliún

Líon na mionlach eitneach: In Vítneam tá breis agus 54 grúpa eitneach éagsúil a bhfuil a dteanga, stíl mhaireachtála agus oidhreacht chultúrtha féin acu.

Ionchas saoil: 75.9 bliain

Tír faoi thrácht ó bhí 2007 ann

Dea-scéala i Vítneam:
In 2018, thacaigh clár cúnaimh na hÉireann le léachtóirí de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Eolaíochta Chathair Ho Chi Minh cúrsa coicíse eolaíochta agus saoránachta a sholáthar do mhúinteoirí agus mic léinn as gach cearn de Vítneam.

Fíric spraoi: Rinneadh Sơn Đoòng (uaimh abhainn an tsléibhe) i bPáirc Náisiúnta Phong Nha-Kẻ Bàng, gar don teorainn idir Laos agus Vítneam, a thaiscéaladh den chéad uair in 1991, agus is anseo atá na haolchoinnle is airde dá bhfuil ar eolas (cruthanna carraige atá cosúil le túir ag fás amach as an talamh i dtreo bharr na huaimhe).

Gníomhaíocht a hAon

Freagraí ar an Tráth na gCeist: Bileog Oibre do Dhaltaí

Ainm Foirne:

_____

1 ☐ 2 ☐ 3 ☐

4 ☐ 5 ☐ 6 ☐

7 _____

8 ☐

9 _____

10 ☐

11 ☐

12 B_____

13 _____

14 _____

15 ☐

Gníomhaíocht a hAon

Tráth na gCeist: Bileog Acmhainne do Mhúinteoirí

Ceist 1

Is _____ í an Afraic.

(a) Ilchríoch
(b) Tír
(c) Réigiún
(d) Cathair

Ceist 2

Is í an Afraic an _____ dá bhfuil ann.

(a) An ilchríoch is lú
(b) An dara hilchríoch is lú
(c) An dara hilchríoch is mó
(d) An ilchríoch is mó

Ceist 3

Tá __ tír in ilchríoch na hAfraice

(a) 8
(b) 21
(c) 40
(d) 55

Ceist 4

Oibríonn Cúnamh Éireann i ndlúthpháirt leis an rialtas in 8 dtír fócais. Tá 7 gcinn de na tíortha sin san Afraic agus tá ceann amháin acu san Áise. (*Fíor - F nó Bréagach - B*)

Ceist 5

_____ maireann daoine, ar an meán, go dtí 51.3 bliain.

(a) I Mósaimbíc
(b) San Aetóip
(c) Sa tSaimbia
(d) I Siarra Leon

Ceist 6

Tá 54 grúpa mionlaigh éagsúil _____.

(a) In Uganda
(b) Sa Tansáin
(c) I Vítneam
(d) I Siarra Leon

Ceist 7

In 2018, chuir clár cúnaimh na hÉireann oiliúint feirmeora, tógálaí, meicneora, táilliúra agus gruagaire ar 837 _____ d'fhonn a ndeiseanna fostaíochta a fheabhsú.

Ceist 8

In 2018, chabhraigh Cúnamh Éireann le breis agus 2,880 dalta bunscoile agus meánscoile sa Mhaláiv fanacht ar scoil nuair a thug siad airgead do theaghlaigh an-bhocht chun íoc as costais scoile. *(Fíor - F nó Bréagach - B)*

Ceist 9

Sa Tansáin atá an sliabh is airde san Afraic. Cad is ainm don sliabh seo?

Ceist 10

In 2018, chuir clár cúnaimh na hÉireann tacaíocht ar fáil chun rannóg éigeandála Lár-Ospidéil Mavalane i Mapútó a fheabhsú. Tháinig laghdú 5% dá bharr ar líon na n-othar a fuair bás le linn an chéad 24 uair an chloig san ospidéal. *(Fíor - F nó Bréagach - B)*

Ceist 11

Cé acu tír a bhfuil 8 dteanga oifigiúla aici?

(a) An tSaimbia
(b) Mósaimbíc
(c) I Vítneam
(d) An Tansáin

Ceist 12

Tá baile i gContae Uíbh Fhailí agus tá an t-ainm céanna air i mBéarla, B_ _ _, agus atá ar an airgead a úsáidtear san Aetóip.

Ceist 13

Cé acu tír a bhfuil an tréimhse is faide aici ina tír fócais?

Ceist 14

I Mósaimbíc, is iondúil go gcaitheann mná _ _ _ _ _ _ _ _ le linn ceiliúradh traidisiúnta.

Ceist 15

Is é is aolchoinneal ann ná carraig atá cosúil le túr a thiteann ó dhíon uaimhe agus a fhásann i dtreo urlár na huaimhe. *(Fíor - F nó Bréagach - B)*

Gníomhaíocht a Dó

Torthaí sa Tansáin: Bileog Acmhainne do Mhúinteoirí

(A) Máithreacha atá ag iompar clainne

In 2017, bhí ceithre scrúdú sláinte i gclinicí ag 46% de mhná torracha sa Tansáin roimh bhreith. In 2018, le tacaíocht ó chlár cúnaimh na hÉireann, mhéadaigh an líon ban torrach a fuair ar a laghad ceithre scrúdú sláinte i gclinic go 64%.

I bhfocail eile…

Samhlaigh rang 30 páiste ar rugadh iad uile in 2017. Bhí scrúdú sláinte rialta in ospidéal nó i gclinic shláinte ag 14 den 30 máthair nuair a bhí siad torrach.

Anois, samhlaigh rang 30 páiste ar rugadh iad uile in 2018. Bhí scrúdú sláinte rialta ag 19 den 30 máthair nuair a bhí siad torrach.

(B) Máithreacha Nua

In 2017, in ospidéal nó i gclinic sláinte a shaolaigh 7/10 de na mná torracha sa Tansáin a leanaí. Faoi 2018, le tacaíocht chlár cúnaimh na hÉireann, bhí méadú tagtha ar an líon máithreacha a shaolaigh leanaí i gclinicí sláinte go dtí beagnach 8/10.

Gníomhaíocht a Trí

Cuir aithne ar Immaculate: Bileog Acmhainne do Mhúinteoirí

Immaculate Akot as Karenga i gceantar Kaabong in Uganda Thuaidh, agus í le cliant. Grianghraf: Cúnamh Éireann

Bean 25 bliain d'aois í Immaculate Akot as Karenga i gceantar Kaabong in Uganda Thuaidh. Bhí saol crua ag Immaculate ó fuair a fear céile bás in 2017. Fágadh í ina tuismitheoir aonair lena cúpla buachaillí. Chuala Immaculate faoi chúrsa oiliúna do dhaoine ar mhian leo a bheith ina ngruagairí. Bhí an cúrsa sin á eagrú ag Enabel, gníomhaireacht neamhrialtais de chuid na Beilge, agus é d'aidhm acu scileanna a thabhairt d'Ugandaigh óga le go bhfaighidís poist agus go mbeidís in ann tacú leo féin agus lena muintir.

Bhí Immaculate in ann a leanaí a fhágáil lena ngarthuismitheoirí ar feadh sé mhí agus í ag gabháil don chúrsa oiliúna i gceantar eile.

Is maith liom an ghruagaireacht toisc go gcuireann sí cuma álainn ar na mná agus cuireann ar mo chumas airgead a shaothrú.

Nuair a chuireann siad an oiliúint i gcrích, féadann na daoine atá faoi oiliúint iarratas a chur isteach ar airgead agus tacaíocht lena ngnólacht féin a thosú. Is mian le Immaculate a salón gruagaireachta féin a oscailt ina háit dúchais, Karenga. Níl ach gruagaire amháin in Karenga agus tá Immaculate cinnte gur féidir léi slí bheatha agus teacht isteach a chruthú dá muintir ón ngnó seo.

Thug an oiliúint seo dóchas dom.

Gníomhaíocht a Trí
Grianghraf Immaculate: Bileog Oibre do Dhaltaí

Samhlaigh gur chuir Immaculate grianghraf chugat de rud atá tábhachtach di.
Tarraing an grianghraf sin sa spás ar an bhfón póca.